Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta 8 acmhainn do bhliain 8

Curaclam Thuaisceart Éireann

an fachtóir WOW

Réamheolas ar Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

Buíochas

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na scoileanna, na fostóirí, na Comhairlí Scileanna Earnála, agus na príomhpháirtithe leasmhara eile a roinn a gcuid ama go fial agus a lig dúinn grianghraif a ghlacadh do dhearadh na hacmhainne.

Comhairlí Scileanna Earnála

Skills for Logistics
Construction Industry Training Board
Go Skills
Automotive Skills
Improve – Food and Drink Manufacturing
EU Skills

Scoileanna, Fostóirí agus Príomhpháirtithe Leasmhara

St Peter's High School, Derry
Bombardier Aerospace
Bondelivery
TNT
DHL
Oh Yeah Centre (Start Together Studio)
Remax Estate Agents
Moyallen Foods
Knock Travel
Lagan/Ferrovial Construction
Eurotile
Rowan Riding
Invest Northern Ireland
KanTeq Ltd
Bryson Charitable Group
Women's Tec Charity
Hill Engineering
The Royal Navy
NI Fire and Rescue Service
Abacus Recruitment
Almac
Balcas Timber
Ballymena Academy
Ecoseeds
Fane Valley
Farmview Meats
Harbour Commission
Housing Association
Karacha
Magee Campus
NI Careers Service
NW marketing
Orchardville
Portadown Credit Union
Powerscreen
Quinn Direct
Rankin's Farm
Small Bikes
South West College
Whitewater Consulting
Wright Bus
Clarity Business Training
Lumos Design House
Philip Johnston - Farrier
Buttercrane Shopping Centre
Greens Pizza
Hungry House Sandwiches Ltd
Paul Stafford Hairdressing
Ramada Hotel
Hillhall Nursery Centre
LA Fitness
Quarry Products Association

an fachtóir WOW

Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta
8
acmhainn do bhliain 8

Réamheolas

Tá Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta reachtúil do Bhlianta 8 agus 11 ó Mheán Fómhair 2007 i leith. Rollfar amach é thar Eochairchéimeanna 3 agus 4 sna blianta atá amach romhainn.

Is clár neamhreachtúil foghlama agus teagaisc é An Fachtóir WOW a théann i ngleic le agus a léirmhíníonn Ceanglas Reachtúil Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta ag Eochairchéimeanna 3 agus 4. Is bealach é do mhúinteoirí le haidhmeanna agus cuspóirí an churaclaim agus leis na prionsabail a bhuntacaíonn leis a fhorbairt.

- foghlaim chónasctha
- forbairt scileanna
- measúnú chun foghlama.

Cad é an rud é Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta

Seachadtar Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta trí cheithre phríomhghné:
- Obair sa gheilleagar áitiúil agus domhanda;
- Bainistíocht Gairme;
- Fiontar agus Fiontraíocht; agus
- Scileanna agus Cáilíochtaí d'Obair.

Is é an aidhm atá le hOideachas le hAghaidh Infhostaitheachta ná cinntiú go bhforbraíonn daoine óga na cáilíochtaí pearsanta, na scileanna, an t-eolas, an tuiscint agus na dearcaí a thabharfaidh dúshraith láidir dóibh don fhoghlaim ar feadh an tsaoil agus don obair. Tá na scileanna seo lán chomh tábhachtach do gach duine óg is cuma cé acu is mian leo dul díreach isteach i saol na hoibre nó cúrsa léinn a dhéanamh ar an ollscoil. Cinntíonn Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta fosta go dtig le daltaí:
- eolas faoi na roghanna difriúla gairme atá ar fáil dóibh a fhorbairt;
- fáil amach cad iad a gcuid scileanna agus a gcuid cumas pearsanta féin;
- an tábhacht atá le roghnú gairm shásúil a aithint;
- an tábhacht atá le sult a bhaint as obair a aithint; agus
- roghanna eolasacha gairme a dhéanamh bunaithe ar eolas faoi shaol na hoibre.

Tairgeann an ceanglas reachtúil d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta deiseanna do scoileanna an curaclam a oiriúnú le freastal ar na riachtanais atá ag daltaí aonair. Tá siad ar fáil ar líne ag **www.nicurriculum.org.uk**

Cad é an Rud é An Fachtóir WOW?

Is é atá san Fhachtóir WOW ná sraith aonad do gach bliainghrúpa. Cuireann gach aonad deiseanna foghlama, teagaisc agus measúnaithe ar fáil is féidir a reáchtáil go ceann ceithre nó sé seachtaine. Tagraíonn an teideal don ghá go mbeadh daoine óga ábalta cinntí eolacha a dhéanamh faoi *shaol na hoibre (world of work) (WOW)* a bheidh acu amach anseo.

Léiríonn fealsúnacht na hacmhainne seo na huaillmhianta don churaclam reachtúil a tugadh isteach ar na mallaibh. Cuireann an curaclam reachtúil níos mó béime anois ar fhorbairt scileanna agus ar fhoghlaim don saol agus don obair. Aitheantas atá ann seo gur chóir go mbeadh réimsí mar phleanáil gairme agus fiontar agus fiontraíocht i gcróilár oideachas daoine óga ón chéad lá den oideachas dara leibhéal.

Mar thaca leis seo is é a dhéanann an Fachtóir WOW ná:
- tógáil ar an obair iontach atá ag dul ar aghaidh ag Eochairchéimeanna 1 agus 2;
- clár cuimsitheach a thairiscint do scoileanna le dul i ngleic le gach gné d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta;
- cur chuige foghlaimeoirlárnach a chothú maidir le hOideachas le hAghaidh Infhostaitheachta a chur i bhfeidhm;
- eolas agus treoir maidir le pleanáil gairmeacha a iniamh;
- béim a leagan ar fhorbairt scileanna infhostaitheachta agus ag an am céanna ceisteanna ábhartha infhostaitheachta a fhiosrú; agus
- tacú le creat na Roinne Oideachais d'Oideachas faoi Ghairmeacha, Comhairle agus Treoir Eolais (CEAIG).

Comhlánaíonn an Fachtóir WOW na hábhair do Bhlianta 8, 9 agus 10 atá ann cheana féin, a ceapadh mar cheachtanna aonaracha.

Cé a d'Fhorbair An Fachtóir WOW?

Leis an tsraith seo acmhainní a fhorbairt, d'oibrigh muid go dlúth le fostóirí i dTuaisceart Éireann le heolas cothrom le dáta agus saineolas ar cheisteanna infhostaitheachta a fháil. Le linn na forbartha, chuir muid na hábhair i láthair réimse páirtithe leasmhara, ina measc múinteoirí, a sholáthair aiseolas fíorluachmhar agus a chuidigh leis an toradh deiridh a mhúnlú.

Cad Chuige ar Fhorbair Muid An Fachtóir WOW?

D'fhorbair muid an Fachtóir WOW le clár solúbtha, comhleanúnach agus forásach a fhorbairt a thógann ar an obair atá ag tarlú sna bunscoileanna.

Is é an aidhm ná comhleanúnachas a fhorbairt ag leibhéal straitéiseach trí chlár foghlama agus teagaisc a chur i láthair a théann i ngleic, ar dhóigh ábhartha, leis na cuspóirí atá ag lucht déanta polasaí do gheilleagar Thuaisceart Éireann (mar shampla an *Accelerating Entrepreneurship Strategy* de chuid Invest Northern Ireland agus an *Northern Ireland Regional Economic Strategy*, a d'fhoilsigh an Roinn Airgeadais agus Pearsanra).

Ina theannta sin, d'fhorbair muid an Fachtóir WOW mar fhreagairt dhíreach ar bhur gcuid iarratas. D'iarr go leor príomhoidí scoile tacaíocht orainn leis na Ceanglais Reachtúla a aistriú chuig gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc atá dúshlánach go leor agus a thairgeann cur chuige solúbtha, comhleanúnach agus forásach ó Eochairchéim 3 go dtí Eochairchéim 4.

Cad é mar a Chuidíonn An Fachtóir WOW le Múinteoirí?

Cuidíonn an Fachtóir WOW le múinteoirí sna dóigheanna seo a leanas:

- Cuireann gach aonad rogha smaointe ar fáil a thig le múinteoirí a úsáid agus a fhorbairt d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta.
- Chuir muid rogha isteach ann trí éagsúlacht rianta le leanúint a thabhairt do mhúinteoirí agus iad ag forbairt a gcuid téamaí curaclaim.
- Dhear muid na haonaid go cúramach le cuidiú le scoileanna an Ceanglas Reachtúil d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta a chomhlíonadh.
- Díríonn gach gníomhaíocht ar ghné(ithe) ar leith den chreat scileanna. Tig le múinteoirí an fócas a oiriúnú le dul i ngleic le réimse scileanna, ina measc scileanna traschuraclaim más mian leo.

Ina theannta sin, liostaíonn ár micrealáithreán Infhostaitheachta ar **www.ccea.org.uk** roinnt láithreán gréasáin úsáideach a sholáthraíonn eolas cothrom le dáta le tacú le gach aonad.

Cad é mar atá an Acmhainn seo Eagraithe?

An Fachtóir WOW	Aonaid do Bhliain 8
Aonad 1	Scileanna Infhostaitheachta
Aonad 2	Bheith Fiontraíoch
Aonad 3	An Baile Mór S'agam
Aonad 4	Mo Thuras
Aonad 5	Dúshláin Infhostaitheachta

Cad é mar atá an Acmhainn seo Eagraithe? (ar lean)

Bristear gach aonad síos i dtéamaí ina bhfuil roinnt gníomhaíochtaí foghlama agus teagaisc. Sainaithníonn gach aonad Ráitis Reachtúla agus deiseanna do dhaltaí le scileanna infhostaitheachta a fhorbairt. Tá na scileanna infhostaitheachta seo sainmhínithe againn i gcoibhneas leis na scileanna reachtúla ag Eochairchéim 3. Ar mhaithe le foghlaim a fhócasú, níor sainaithníodh ach aon scil amháin taobh istigh de gach aonad. Ar an tslí seo, tá critéir ar leith curtha ar fáil do dhaltaí a dtig leo a gcuid foghlama a mheas ina n-éadan.

Tá treoir neamhreachtúil ag tacú leis na haonaid fosta trí na nithe inmholta seo a leanas:
- spriocanna foghlama;
- critéir ratha;
- deiseanna do mheasúnacht faoi choinne foghlama; agus
- eochaircheisteanna le cuidiú le daltaí a gcuid foghlama a fhócasú.

Tig le múinteoirí na spriocanna leathana foghlama a úsáid mar thásc ar cé acu a baineadh an fhoghlaim ag deireadh an aonaid amach nó nár baineadh. Ó thaobh an cheachta de, ba chóir do mhúinteoirí na spriocanna foghlama do na daltaí ina ranganna a bheachtú agus a fhorbairt chomh maith le bheith ag brath ar an treo is mian leo an fhoghlaim a ghlacadh.

I ngach aonad, tá ag na daltaí le *Taifead Athmhachnaimh an Dalta (Pupil Reflection Record)* a líonadh isteach. Dhear muid é seo leis na daltaí a spreagadh le machnamh, meas agus measúnú a dhéanamh ar a gcuid foghlama.

Cad é faoi Phleanáil Phearsanta Gairme?

Aithnímid go mbaineann scoileanna úsáid as modhanna éagsúla pleanáil ghairme. Sonraíonn an Ceanglas Reachtúil d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta, áfach, go gcaithfidh daltaí páirt a ghlacadh i bpleanáil phearsanta ghairme: *'Dul i ngleic leis an phróiseas pleanála pearsanta gairme le hiniúchadh agus cinntí a dhéanamh maidir le roghanna iar-14, ag aithint dúinn go n-athróidh dearcaí ar obair thar am agus go bhfuil tionchar ag luachanna teaghlaigh agus pobail orthu.'*

Ligeann Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta do dhaoine óga roghanna agus cinntí eolasacha a dhéanamh i dtaca le pleanáil ghairme de.

Cuideoidh an Fachtóir WOW le scoileanna an ráiteas reachtúil a chomhlíonadh atá ceangailte le pleanáil phearsanta ghairme. Forbraíonn daltaí a bplean pearsanta gairme féin agus moltar dóibh i gcónaí amharc ar cheisteanna mar:
- Cad é a chiallaíonn sé seo domsa?
- Cad é mar a thig leis seo mo phlean gairme a fhoirmiú?

Ag deireadh gach aonaid, iarrtar ar dhaltaí *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* a líonadh isteach. Spreagann *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* dóibh smaoineamh faoi:

- cad é atá foghlamtha acu;
- cad é mar a fhoirmíonn an méid a d'fhoghlaim siad a bpleanáil ghairme; agus
- na dóigheanna ina dtig leo a n-eolas, a dtuiscint agus a scileanna a fhorbairt.

Dhear muid *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* le plé a thosú idir daltaí agus a gcomhpháirtithe, múinteoirí agus an teaghlach. D'fhéadfadh sé bheith úsáideach aiseolas ó dhaltaí aonair a thaifeadadh ina gComhad Foráis.

An gCaithfidh Tú Gach Rud san Fhachtóir WOW a chlúdach?

Ní chaithfidh. Ba chóir duit amharc ar na haonaid mar roghchlár smaointe agus gníomhaíochtaí inmholta le cuidiú leat dul i ngleic leis an Cheanglas Reachtúil d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta. I ndáiríre, tá an oiread sin ábhair ann, nach bhféadfaí gach rud a chlúdach!

Ar ndóigh, beidh níos mó dúile agat i gcuid de na smaointe thar an chuid eile. Lena chinntiú go nglactar páirt ghníomhach iontu, go gcothaítear suim iontu agus, mar sin de, go mbeidh foghlaim agus teagasc éifeachtach ann:
- cuir tú féin ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí taobh istigh de gach aonad;
- roghnaigh na gníomhaíochtaí amháin a shíleann tú atá fóirsteanach agus ábhartha do do dhaltaí agus do scoil; agus
- más cuí, oiriúnaigh agus déan tuilleadh forbartha ar na gníomhaíochtaí le freastal ar riachtanais na ndaltaí i do scoil.

Thiocfadh dó go gcomhcheanglófá gnéithe d'aonaid áirithe in aonad atá uathúil do do scoil.

Cé go gcuirtear síos ar gach aonad agus go moltar é do bhliainghrúpa faoi leith, ní chaithfidh múinteoirí cloí leis an mholadh seo. Ina áit sin, ba chóir go dtuigfeadh siad go bhfuil saoirse acu na haonaid a roghnú agus a ordú cibé slí is fóirsteanaí dá ndaltaí agus dá scoil.

Molaimid fosta do scoileanna acmhainní breise atá ar fáil dóibh a úsáid le tacú leis an chlár seo.

I measc na samplaí tá:
- acmhainní gairme atá ann cheana féin, ina measc bogearraí cuí atá ar fáil trí C2K;
- an pobal níos leithne, go háirithe fostóirí a dtig leo saineolas agus taithí a thairiscint i réim réimsí ; agus
- tionscnaimh nó imeachtaí scoile a dtig leo cur le hOideachas d'Infhostaitheacht na ndaltaí mar shampla EmployabilityFEST.

An dóigh leis na hAonaid seo a Úsáid

Céim 1: Scan na hAonaid
Tabharfaidh sé seo léargas ginearálta duit ar na topaicí atá ar fáil. Socraigh cá mhéad acu ar mhaith leat dul i ngleic leo agus an t-ord inar mhaith dul i ngleic leo, trasna agus taobh istigh de bhliainghrúpaí.

Céim 2: Socraigh do Spriocanna Foghlama
Tá spriocanna foghlama ríthábhachtach don ábhar a roghnaítear d'Oideachas le hAghaidh Infhostaitheachta. Bain úsáid as na spriocanna foghlama a mholtar i ngach aonad le fáil amach cén fhoghlaim is mian leat a fhorbairt le linn an aonaid sin. Agus tú ag dearadh do chuid ceachtanna, beachtaigh iad seo a thuilleadh nó roghnaigh fócas atá rud beag difriúil do na spriocanna foghlama agat.

Do gach céim, smaoinigh ar cad é is mian leat go bhfoglaimeodh do chuid daltaí. Ach ná déan iarracht gach aon rud a chlúdach i do chuid spriocanna foghlama – caithfidh tú fócas a roghnú.

Céim 3: Cuir an Ghníomhaíocht Lainseála i gCrích
Is bealach maith é seo le fáil amach cad é atá ar eolas ag do dhaltaí faoin téama cheana féin agus cad é a bhfuil suim acu ann. Agus an t-eolas seo agat, tig libh cinneadh a dhéanamh le chéile cad iad na gnéithe a ndéanfaidh sibh scagadh níos grinne a dhéanamh orthu.

Céim 4: Cuimsigh Solúbthacht na nAonad
Ag an staid seo, pleanáil mionsonraí na smaointe agus na ngníomhaíochtaí is mian leat a úsáid, forbair na smaointe agus cuir comhroghnanna leo fiú. Ná déan dearmad na daltaí a bheith páirteach sa phleanáil dá gcuid foghlama.

Céim 5: Pleanáil an Mheasúnacht – Cad é, Cad é an dóigh agus Cá hUair
Taobh istigh de gach aonad, tá na deiseanna do mheasúnacht faoi choinne foghlama sonraithe againn. Baineann daltaí tairbhe mhór as fios a bheith acu cad é a bhfuiltear ag dúil leis uathu, agus spreagann cuid mhór de na gníomhaíochtaí iad páirt a ghlacadh i nginiúint critéir ratha. Ciallaíonn sé seo go n-aontaíonn sibh le chéile roimh ré, fócas agus cineál na measúnachta.

Tig leat cuidiú le do dhaltaí fosta trí phróiseas aiseolais a úsáid le hinsint dóibh cá háit ar éirigh leo agus cad é a gcaithfidh siad díriú air lena gcuid foghlama a fheabhsú. Spreagann na gníomhaíochtaí daltaí a gcuid foghlama féin agus foghlaim na ndaltaí eile a mheasúnú ar bhonn rialta.

Céim 6: Socraigh Cad é atá *Tábhachtach* le Taifeadadh agus le Tuairisciú
Ní thig leat breithniú a dhéanamh ar gach rud an t-am ar fad. Coinnigh do chuid oibre soláimhsithe mar sin trí bhreithnithe *suntasacha* amháin a thaifeadadh, agus bíodh fócas agat ar an rud ar a ndéanann tú breithniú. Thar am, beidh taifead breithnithe agat i dtaca le dul chun cinn eolais agus scileanna de. Bain úsáid as seo le pleanáil a fhoirmiú amach anseo chomh maith le cuidiú leat breithiúnais a dhéanamh faoin eolas a chaithfidh tú a chur ar aghaidh chuig comhghleacaithe, tuismitheoirí agus daltaí.

Molaimid go gcomhlíonfadh daltaí *Taifead Athmhachnaimh an Dalta* acu ag deireadh gach aonaid agus é seo a choinneáil ina gComhad Ratha. Thar am, cruthóidh sé seo próifíl da gcuid foghlama chomh maith lena gcuid suimeanna. Thiocfadh leis an eolas seo a bheith úsáideach d'fheidhmeannaigh gairmeacha le linn agallamh treoraithe, go háirithe i mBliain 10 agus i mBliain 12.

Foilseachán de chuid CCEA © 2010

COUNCIL FOR THE **CURRICULUM EXAMINATIONS** AND **ASSESSMENT** 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
✆ +44 (0)28 9026 1200 🖷 +44 (0)28 9026 1234 ☎ +44 (0)28 9024 2063 ✉ info@ccea.org.uk 🌐 www.ccea.org.uk

Rewarding Learning